Pleananna Nua Míchumais

A dtairbhe duitse agus do do chlann

National Disability Authority
Údarás Náisiúnta Míchumais

An bhfuil Cúig Nóiméad le spáráil agat?

Más:

- **Duine faoi mhíchumas tú,**
- **Duine breacaosta tú agus go bhfuil deacrachtaí gluaiseachta, amhairc, éisteachta nó tuisceana agat,**
- **Tuismitheoir, mac nó iníon, duine muinteartha nó cara le duine faoi mhíchumas tú agus gur mian leat níos mó a fháil amach faoin gcaoi le tacaíocht a fháil,**

b'fhéidir go spárálfá cúig nóiméad chun an leabhrán seo a léamh.

Cúig chuid ghearra atá sa leabhrán agus breac-chuntas iontu:

- **Faoin gcaoi inar féidir leis na pleananna nua gníomhaíochta míchumais do shaol laethúil a fheabhsú,**
- **Faoin gcaoi inar féidir leat cabhair agus níos mó eolais a fháil,**
- **Faoin áit agus faoin mbealach le gearán a dhéanamh mura bhfuil tú sásta leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil duit.**

1 Cur Chuige Nua

Tá an Rialtas tar éis dlíthe nua ar mhíchumas agus maoiniú breise i gcomhair seirbhísí míchumais a thabhairt isteach.

Táthar tar éis pleananna gníomhaíochta míchumais, ar a nglaoitear Pleananna Rannacha, a fhorbairt. Clúdaíonn na pleananna seo réimsí fíorthábhachtacha a bhaineann le cumarsáid, le hobair agus le hoiliúint, le sláinte, le hiompar, le teacht a bheith ar an gcomhshaol, le seirbhísí rialtais áitiúil agus le leas sóisialach.

Leagann siad amach cén chaoi a mbeidh na seirbhísí níos fearr agus cén chaoi a mbeidh teacht níos fearr orthu.

Tá grúpa ardleibhéil monatóireachta, agus ionadaithe ó ranna rialtais agus daoine faoi mhíchumas air, ag obair le chéile chun na pleananna seo a chur i gcrích chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas lárnach sna cinntí go léir a dhéantar.

Is iad na hathruithe uile seo agus iad curtha le chéile an bonn atá leis an **Straitéis Náisiúnta Míchumais**.

Is í an bhliain seo 2007 An Bhliain Eorpach um Chomhdheiseanna do Chách. Seo í an bhliain mar sin chun súil a chaitheamh ar na hathruithe ar chóir dóibh difríocht a dhéanamh do do shaol.

- **Seirbhísí Poiblí Níos Fearr**
  Ní mór do na seirbhísí poiblí go léir freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, cibé an mbaineann sin le bheith ag dul isteach doras leabharlainne nó le bileog eolais i mBraille a bheith ar fáil duit.

- **Measúnú Aonair**
  Ó Mheitheamh 2007 beidh leanaí faoi mhíchumas faoi chúig bliana d'aois i dteideal measúnú neamhspleách a fháil ar a riachtanais míchumais ó thaobh sláinte agus oideachais de. Beidh measúnú neamhspleách ar fáil do gach uile dhuine faoi mhíchumas faoin mbliain 2011.

- **Seirbhísí Oideachais**
  Cuirfear acmhainní breise ar fáil do leanbh a mbeidh measúnú déanta air/uirthi agus a bhfaighfear amach go bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici.

- **Tacadóir Pearsanta**
  Beidh daoine faoi mhíchumas a mbeidh tacaíocht sa bhreis ag teastáil uathu chun na seirbhísí a bhfuil siad ina dteideal a fháil, ábalta iarratas a dhéanamh chun tacadóir pearsanta a bheith acu.

- **Saol Níos Éasca**
  Beidh na gníomhaíochtaí laethúla, mar shampla, dul ar an mbus, dul ag an obair nó glao teileafóin a dhéanamh, níos éasca mar gheall ar na Pleananna Rannacha ar mhíchumas.

- **Obair**
  Tá sé mar sprioc anois go mbeadh 3% d'fhostaíocht san earnáil phoiblí ag daoine faoi mhíchumas.

2 Na Seirbhísí Poiblí a bheith in Oiriúint Duitse

a. Seirbhísí a Thacaíonn le Daoine Faoi Mhíchumas

Ní mór do sheirbhísí poiblí "tacú le daoine faoi mhíchumas". I bhfocail eile, beidh sé mar aidhm ag gach comhlacht a chuireann seirbhísí poiblí ar fáil, mar shampla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus na Comhairlí Contae, freastal ar na riachtanais a bhíonn ag gach uile dhuine faoi mhíchumas. Sin le rá:

- Go gcabhróidh siad le daoine faoi mhíchumas a gcuid seirbhísí a úsáid go héasca,

- Go gcinnteoidh siad go mbeidh daoine faoi mhíchumas ábalta dul isteach agus dul thart timpeall sna foirgnimh phoiblí atá acu. Níor mhór go mbeadh foirgnimh phoiblí oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas faoin mbliain 2015,

- Go gcuirfidh siad eolas ar fáil ar bhealach a bheadh oiriúnach do na riachtanais a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas – mar shampla eolas a bheith ar fáil i mBéarla éasca, i gcló mór, ar an teileafón, ar an ríomhphost nó i mBraille,

- Go mbeidh a suímh ghréasáin deartha acu ionas go meaitseálfadh siad an trealamh agus na bogearraí a bhíonn in úsáid ag daoine faoi lagamharc,

- Go gcinnteoidh siad, nuair is féidir é, gur féidir le daoine faoi mhíchumas úsáid a bhaint as na hearraí agus as na seirbhísí a cheannaíonn siad,

- Go mbeidh Oifigeach Inrochtana acu a chinnteoidh go gcuirfear na pleananna sin go léir i gcrích i ndáiríre.

Tá leithcheal (le díolúintí) toirmiscthe faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, oideachais agus cóiríochta.

b. Tá Cead Gearáin Agat

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh faoi aon seirbhís phoiblí a fheictear duit nach bhfuil ag tacú le daoine faoi mhíchumas. Is féidir sin a dhéanamh mar seo:

1. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gcomhlacht a chuireann an tseirbhís phoiblí ar fáil agus cóip dá nósanna imeachta maidir le gearáin a iarraidh air,

2. Is féidir leat do ghearán a dhéanamh le Ceann an chomhlachta phoiblí.

Mura mbíonn tú sásta leis an toradh ar an teagmháil dhíreach leis an gcomhlacht is féidir leat dul i dteagmháil leis an Ombudsman. Tá sé de chúram ar an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhartha na soláthróirí seirbhíse poiblí.

www.ombudsman.gov.ie **R-ph:** ombudsman@ombudsman.gov.ie
Lóghlao: 1890 223 030 **Seoladh:** 18 Sráid Líosain Íochtarach, BÁC 2.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Do chearta agus tú ag déileáil le seirbhís phoiblí?**
  www.citizensinformation.ie **R-ph:** information@ciboard.ie
  Lóghlao: 1890 777 121
  Seoladh: Teach Hume, Droichead na Dothra, BÁC 4.
  Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit chomh maith.

- **Teicneolaíocht Chúnta?**
  www.assistireland.ie **R-ph:** support@assistireland.ie
  Lóghlao: 1890 277 478
  Seoladh: Teach Hume, Droichead na Dothra, BÁC 4.

- **Na hAchtanna um Stádas Comhionann (2000-2004)?**
  Déan teagmháil leis an Údarás Comhionannais.
  www.equality.ie **R-ph:** info@equality.ie **Lóghlao:** 1890 245 545
  Seoladh: 2 Sráid Chluain Meala, BÁC 2.

3 Riachtanais Agat? Seirbhísí Duitse!

Ciallaíonn na dlíthe agus na pleananna nua seo go mbeidh daoine fásta faoi mhíchumas agus leanaí faoi mhíchumas ábalta measúnú neamhspleách pearsanta a fháil ar a riachtanais i réimsí fíorthábhachtacha na seirbhísí oideachais agus sláinte.

a. Tá Gach Uile Leanbh Tábhachtach

Beidh tú ábalta, ó Mheitheamh 2007, iarratas a dhéanamh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) measúnú neamhspleách a dhéanamh ar na riachtanais atá ag do leanbh faoi chúig bliana d'aois atá faoi mhíchumas.

Déanfar an measúnú seo go neamhspleách agus ní bheidh baint ar bith ag na costais ná ag fáil a bheith ar na seirbhísí leis.

Ní mór tús a chur le measúnú riachtanais do linbh ag tráth nach déanaí ná trí mhí ón uair a ndearna tú d'iarratas agus nuair a bheidh an measúnú críochnaithe gheobhaidh tú tuairisc air. Déanfar measúnuithe eile go rialta de réir mar a bheidh riachtanais ag athrú.

Déanfar measúnú ar riachtanais na leanaí eile faoi mhíchumas chomh luath is is féidir é.

Measúnú Oideachais

Tá sé i gceist, in imeacht na gceithre bliana seo romhainn, an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004, a chur i bhfeidhm go céimneach. Má tá míchumas ag gabháil do do leanbh is féidir, faoin Acht, measúnú oideachais a éileamh dó/di bíodh do leanbh ag freastal ar an scoil nó ná bíodh.

Cuirfear Plean Oideachais ar fáil do do leanbh tar éis an mheasúnuithe agus leagfar amach sa phlean na tacaí a bheidh le cur ar fáil chun cabhrú le do leanbh an tairbhe is mó a bhaint as an bhfoghlaim agus as saol na scoile.

Má thaispeántar sa mheasúnú go bhfuil riachtanais seirbhíse sláinte de dhíth seolfar an t-eolas seo ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

b. Riachtanais Daoine Fásta

Más duine fásta faoi mhíchumas tú beidh tú ábalta measúnú neamhspleách ar na riachtanais atá agat a fháil ón earnáil sláinte agus oideachais ón mbliain 2011.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) maidir le do mheasúnú féin. Féadfaidh duine éigin eile iarratas a dhéanamh ar do shon chomh maith. Déanfar gach measúnú go neamhspleách agus ní bheidh baint ar bith ag na costais ná ag fáil a bheith ar na seirbhísí leo. Tabharfar seans duit, le linn an mheasúnaithe, do thuairim a thabhairt faoi na riachtanais atá agat.

Is cóir go gcuirfí tús le do mheasúnú ag tráth nach déanaí ná trí mhí ón uair a ndearna tú d'iarratas ar mheasúnú agus, nuair a bheidh an measúnú críochnaithe, gheobhaidh tú tuairisc air. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar mheasúnú eile má thagann athrú ar chúrsaí, má bhíonn a thuilleadh eolais agat faoin míchumas atá ag gabháil duit nó má bhraitheann tú go ndearnadh dearmad sa bhunmheasúnú a rinneadh.

Má bhíonn nithe eile uait, teach mar shampla, cuirfear ar aghaidh chuig seirbhísí oiriúnacha eile tú má fheileann sé sin duitse.

c. Do Ráiteas Seirbhíse

Nuair a dhéanfar measúnú faoin dlí míchumais ar dhuine fásta faoi mhíchumas nó ar leanbh faoi mhíchumas ullmhóidh Oifigeach Idirchaidrimh a bheidh ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Ráiteas Seirbhíse bunaithe ar thuairisc an mheasúnaithe agus tabharfar an fháil a bheidh ar sheirbhísí san áireamh chomh maith. Tabharfar an Ráiteas Seirbhíse seo duit agus leagfar amach ann na seirbhísí a chuirfear ar fáil duit.

d. Tá Cead Gearáin Agat

Is féidir leat gearán a dhéanamh más rud é:

- Go bhfaightear amach nach bhfuil an duine fásta nó an leanbh faoi mhíchumas,
- Nach ndéantar an measúnú de réir na gcaighdeán atá i bhfeidhm,
- Go mbítear deireanach ag déanamh an mheasúnaithe,
- Nach bhfuiltear ag soláthar na seirbhísí atá leagtha amach sa Ráiteas Seirbhíse.

Is cóir gearáin a dhéanamh chuig an Oifigeach Gearán i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an gcéad ásc. Mura mbíonn tú sásta lena thoradh sin féadfaidh tú do ghearán a chur faoi bhráid Oifigeach Achomhairc neamhspleách.

Má tá leanbh agat atá in aois scoile agus mura bhfuil tú sásta leis an bPlean Oideachais beidh sé de cheart agat achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc um Oideachas Speisialta.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Plean Rannach na Roinne Sláinte agus Leanaí?**
  www.dohc.ie **R-ph:** info@health.gov.ie **Lóghlao:** 1890 200 311
  Seoladh: Teach Hawkins, Sráid Hawkins, BÁC 2.
- **Measúnú riachtanas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte?**
  www.hse.ie **R-ph:** info@hse.ie **Líne Eolais:** 1850 241 850
  Seoladh: Oak House, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara.
- **Measúnú riachtanas ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhair do linbh atá in aois scoile?**
  www.ncse.ie **R-ph:** info@ncse.ie **Teil:** (046) 948 6400
  Seoladh: 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
- **Cabhair a fháil chun iarratas a dhéanamh i gcomhair measúnú riachtanas a fháil duit féin nó do do leanbh?**
  Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an tSeirbhís Phearsanta Tathanta a bheidh le bunú ag an mBord Eolais do Shaoránaigh. Déan teagmháil leis an mBord Eolais do Shaoránaigh.

www.citizensinformationboard.ie **R-ph:** info@ciboard.ie
Teil: (01) 605 9000
Seoladh: Teach Hume, Droichead na Dothra, BÁC 4.

4 Obair agus Ioncam

a. Ag Saothrú

Tá an ceart céanna agatsa is atá ag aon duine eile ar phost nó ar ardú céime má tá na cáilíochtaí cearta, an oiliúint nó an taithí cheart agat.

Tá sé mar sprioc anois, ó thaobh an dlí de, go mbeadh 3% d'fhostaíocht san earnáil phoiblí ag daoine faoi mhíchumas. Beidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag scrúdú cé mar a bheidh an sprioc sin á baint amach.

Ina theannta sin, tá plean gníomhaíochta leagtha amach i bPlean Rannach na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun an líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn ag obair a ardú.

Cuireann FÁS oiliúint agus cabhair speisialta ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun poist a aimsiú. Is féidir le FÁS é a dhéanamh níos éasca d'fhostóirí poist a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. Tá fóirdheontais tuarastail agus deontais ar fáil chun oibrí faoi mhíchumas a choinneáil i bpost agus chun an t-ionad oibre a dhéanamh níos oiriúnaí d'oibrithe faoi mhíchumas.

Tá leithcheal (le díolúintí) toirmiscthe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta maidir le fostaíocht agus oiliúint ghairmiúil.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Plean Rannach Na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta?**
  www.entemp.ie **R-ph:** info@entemp.ie **Lóghlao:** 1890 220 222
  Seoladh: Sráid Chill Dara, BÁC 2.
- **Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta (1998 – 2004)?**
  Déan teagmháil leis an Údarás Comhionannais.
  www.equality.ie **R-ph:** info@equality.ie **Lóghlao:** 1890 245 545
  Seoladh: 2 Sráid Chluain Meala, BÁC 2.

➲ **Seirbhísí FÁS?**
www.fas.ie **R-ph:** info@fas.ie **Teil:** (01) 607 0500
Seoladh: Bosca Poist 456, 27-33 Sráid Bhagóid Uachtarach, BÁC 4.

b. Leas Sóisialach

Má tá leas sóisialach á fháil agat agus go bhfuil tú ar fáil le dul ag obair, d'fhéadfá teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh is gaire duit agus d'fhéadfadh go mbeadh éascaitheoir ábalta comhairle a chur ort maidir le hoiliúint, le hoideachas nó le post a aimsiú.

Má tá Liúntas Míchumais á fháil agat is féidir leat suas le €120 a shaothrú in aghaidh na seachtaine ar obair athshlánúcháin gan cur isteach ar an Liúntas Míchumais. Is féidir leat suas le €400 a shaothrú in aghaidh na seachtaine agus fós cuid den íocaíocht agus de na sochair eile a fhaigheann tú a choinneáil.

Má tá tú faoi chúram cónaithe is féidir leat Liúntas Míchumais a fháil.

Is íocaíocht do dhaoine a thugann aire do dhaoine eile a mbíonn cúram agus aire lánaimseartha ag teastáil uathu é an Liúntas Cúramóra. Má fhágann tú an lucht oibre chun aire a thabhairt do dhuine éigin d'fhéadfadh go gcáileodh tú do Shochar Cúramóra seachas do Liúntas Cúramóra.

Tugtar an Deontas Cúraim Sosa sa ghnáthchúrsa do gach uile dhuine a fhaigheann an Liúntas Cúramóra nó an Sochar Cúramóra. Tugadh an deontas seo do gach cúramóir lánaimseartha ón mbliain 2005 i leith ba chuma cén taifead maoine nó ranníocaíochta a bhí acu. Tá roinnt coinníollacha leis mar sin féin agus baineann siad leis an gcineál cúraim nó aire lánaimseartha a thugtar.

An bhfuil Eolas uait faoi:

➲ **Plean Rannach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nó aon réimse eile den leas sóisialach?**
www.welfare.ie **R-ph:** info@welfare.ie **Lóghlao:** 1890 662 244
Seoladh: Urlár 1, Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh,
Bóthar an Choláiste, Sligeach.

5 Ag dul ó áit go háit

a. Iompar

Tá feabhas tagtha cheana féin ar an gcóras iompair phoiblí chomh fada is a bhaineann sé le daoine faoi mhíchumas de. Tá busanna i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge agus leath de na busanna i mBaile Átha Cliath oiriúnach anois do dhaoine faoi mhíchumas.

Cuireadh beagnach 800 stad bus i mBaile Átha Cliath i gcaoi is go mbeadh siad in oiriúint níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas. Is féidir le gach uile dhuine dul ar an LUAS. Fágfaidh na carráistí nua go mbeidh na seirbhísí traenach níos fearr dóibh freisin. De réir rialacháin Eorpacha, ní mór d'aerlínte freastal ar riachtanais na bpaisinéirí faoi mhíchumas. Tá tús curtha leis an obair chun saoráidí do phaisinéirí ag stáisiúin, ag calafoirt agus ag aerfoirt a chur i gcaoi is go mbeadh sé níos éasca ag daoine faoi mhíchumas úsáid a bhaint astu.

Ach, cé go bhfuil tús maith curtha leis an obair, níl dóthain déanta fós. Seo roinnt de na rudaí a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas dul ó áit go háit.

- Faoi mbliain 2009, beidh carráistí nua a bheidh éasca le dul isteach iontu i mbeagnach gach uile thraein phaisinéirí idirchathrach chomh maith le fógraí le léamh agus le cloisteáil agus leithris a bheidh oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an chéad cheann díobh in úsáid cheana féin ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh,

- Faoin mbliain 2012, beidh gach bus cathrach oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas,

- Faoin mbliain 2015, beidh na seirbhísí bus idirchathrach agus na stadanna bus níos oiriúnaí do dhaoine faoi mhíchumas,

- Beidh gach folíne LUAS agus na seirbhísí Metro oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas,

- Cuirfear feabhas suntasach ar chaighdeán na dtacsaithe agus ar a oiriúnaí is a bheidh siad do dhaoine faoi mhíchumas. Beidh roinnt den eolas a thugtar do phaisinéirí ar fáil i mBraille,

- Tá ardú go €80 tagtha ar na fíneálacha a ghearrtar ar dhaoine a pháirceálann go mídhleathach i spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas. Caithfear súil ar an scéim páirceála do dhaoine faoi mhíchumas chun a chinntiú go mbeidh sí ag obair duitse.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Plean Rannach Na Roinne Iompair?**
  www.transport.ie **R-ph:** ptaccessibility@transport.ie
  Lóghlao: 1890 443 311
  Seoladh: Teach Iompair, Sráid Chill Dara, BÁC 2.

b. Thall agus Abhus

Beidh scrúdú déanta ag na húdaráis áitiúla go léir faoi Aibreán 2007 ar na cosáin choise, ar na foirgnimh agus ar na háiteanna poiblí go léir cosúil le háiteanna súgartha, páirceanna agus leabharlanna chun a fháil amach an féidir le daoine faoi mhíchumas úsáid a bhaint astu.

- Tá sé beartaithe acu anois na háiteanna seo go léir a bheith oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas faoin mbliain 2015 agus cuirfear tús leis an obair sin ar dtús ar na sráideanna agus sna saoráidí is gnóthaí. Rachaidh údaráis áitiúla i gcomhar le daoine faoi mhíchumas agus iad i mbun na bpleananna sin,

- Cuirfear Straitéis nua Tithíochta le chéile a bheidh dírithe ar freastal a dhéanamh ar riachtanais tithíochta na ndaoine faoi mhíchumas,

- Beidh sé riachtanach go mbeidh Teastais Rochtana do Dhaoine Faoi Mhíchumas faighte i gcomhair árasáin agus oifigí nua,

- Tá Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a thacóidh le hobair atá ar bun chun comhshaol a bheadh oiriúnach do chách a chruthú,

- Chomh fada is is féidir é, beidh caisleáin, páirceanna, músaeim agus láithreacha eile oidhreachta oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas faoi dheireadh na bliana 2007.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Plean Rannach Na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil?**
  www.environ.ie **R-ph:** pressoffice@environ.ie
  Lóghlao: 1890 202 021 **Seoladh:** Teach an Chustaim, BÁC 1.
  Tá Plean na Roinne le fáil chomh maith ó gach leabharlann phoiblí.

- **Láithreacha Oidhreachta faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)?**
  www.opw.ie **R-ph:** info@opw.ie **Lóghlao:** 1890 213 414
  Seoladh: 51 Faiche Stiabhna, BÁC 2.

- **An Lárionad Foirfeachta i nDearadh Uilíoch?**
  www.nda.ie **Lóghlao:** 1890 632 631 **R-ph:** ceud@nda.ie
  Seoladh: 25 Bóthar Chluaidh, BÁC 4.

c. Cumarsáid

Tá rialacha nua tugtha isteach ina leagtar amach amchlár nua do stáisiúin teilifíse na hÉireann chun fotheidil a úsáid ar líon mór dá gcuid clár. Mar shampla, cuirfidh RTÉ fotheidil ar 75% dá chláir faoin mbliain seo chugainn agus beidh fotheidil ar 100% dá chláir faoin mbliain 2015.

Tá cuideachtaí teileafóin agus grúpaí míchumais ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) chun seirbhísí teileafóin a fheabhsú.

Beidh gach oifig an phoist atá faoi úinéireacht An Post oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas taobh istigh de dhá bhliain faoi réir ag faomhadh riachtanach a bheith faighte.

d. Úsáid Fuinnimh

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) feabhas a chur ar chúrsaí cumarsáide le custaiméirí faoi mhíchumas agus ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí a gcuireann briseadh ar a soláthar isteach orthu.

e. Ag Iascach

Cuirfidh na Boird Iascaigh níos mó saoráidí ar fáil ar fud na tíre do shlatiascairí faoi mhíchumas.

An bhfuil Eolas uait faoi:

- **Plean Rannach na Roinne Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha?**
  www.dcmnr.ie **R-ph:** webmaster@dcmnr.gov.ie
  Lóghlao: 1890 449 900 **Seoladh:** 29-31 Bóthar Adelaide, BÁC 2.

- **Teacht ar na seirbhísí craoltóireachta?**
  www.bci.ie **R-ph:** info@bci.ie **Teil:** (01) 644 1200
  Seoladh: 2-5 Plás Warrington, BÁC 2.

- **Na Teileafóin nó an t-idirlíon?**
  www.askcomreg.ie **R-ph:** info@comreg.ie
  Lóghlao: 1890 229 600
  Seoladh: Bloc DEF, Cúirt na Mainistreach, Ionad an Irish Life, Sráid na Mainistreach Íochtarach, BÁC 1.

- **Ag úsáid oifigí an phoist?**
  www.anpost.ie **R-ph:** info@anpost.ie **Lóghlao:** 1850 575 859
  Seoladh: Urlár na Talún, Saorphost Ard-oifig an Phoist, BÁC 1.

- **Úsáid Fuinnimh?**
  www.cer.ie **R-ph:** info@cer.ie **Teil:** (01) 400 0800
  Seoladh: An Malartán, Cearnóg Bhelgard Thuaidh, Tamhlacht, BÁC 24.

- **Cúrsaí iascaigh a bhaineann leis an bPríomh-Bhord Iascaigh?**
  www.cfb.ie **R-ph:** info@cfb.ie **Teil:** (01) 884 2600
  Seoladh: Campas Gnó Shoird, Soird, Contae Átha Cliath.

NDA

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) an phríomhghníomhaireacht stáit maidir le saincheisteanna míchumais. Is fúinne atá sé sainchomhairle neamhspleách a chur ar an Rialtas.

Is féidir cóipeanna den leabhrán seo a fháil i gcló mór, ar téip, ar diosca nó i mBraille.

New Disability Plans

What they mean for you and your family

This booklet is available in English on www.nda.ie, or contact us:

National Disability Authority
25 Clyde Road
Dublin 4
www.nda.ie
Lo Call 1890 632 631
Fax (01) 660 9935
Email nda@nda.ie

This is an information booklet only and is not intended as a legal document

Pleananna Nua Míchumais

A dtairbhe duitse agus do do chlann

Tá leagan Gaeilge ar fáil ar www.nda.ie, nó déan teagmháil linn:

Údarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh
Baile Átha Cliath 4
www.nda.ie
Lóghlao 1890 632 631
Facs (01) 660 9935
Ríomhphost nda@nda.ie

Is foinse eolais amháin é an leabhrán seo agus ní ceart a mheas gur doiciméad dlí é